Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0325

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn — EGF/2025/003 SE/Northvolt

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Nollaig 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn – EGF/2025/003 SE/Northvolt (COM(2025)0621 – C10-0270/2025 – 2025/0326(BUD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0621 – C10-0270/2025),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] ('Rialachán CED'),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[2] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[3] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an

---

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[4], agus go háirithe pointe 9 de,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A10-0239/2025),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta, agus chun cúnamh a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh sin ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus do na cuideachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur chuir an tSualainn iarratas EGF/2025/003 SE/Northvolt isteach le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), i ndiaidh 6 486 íomarcaíocht[5] san earnáil eacnamaíoch atá aicmithe faoi roinn 71 (Gníomhaíochtaí ailtireachta agus innealtóireachta) de NACE Athbhreithniú 2; tástáil agus anailís theicniúil) i réigiúin Övre Norrland (SE33), Stócólm (SE11) agus Östra Mellansverige (SE12) le 5 829 n-iomarcaíocht laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 28 Samhain 2024 go dtí an 28 Márta 2025, agus 657 n-iomarcaíocht roimh nó tar éis na tréimhse tagartha;

C. de bhrí, le linn na tréimhse tagartha a chumhdaítear leis an iarratas, gur sainaithníodh 5 829 n-oibrí iomarcach san iomlán, lena n-áirítear 5 561 oibrí iomarcach ar scoir a ngníomhaíocht in Northvolt AB (Northvolt) agus a fhochuideachtaí[6], agus 268 n-oibrí iomarcach in 8 soláthróir agus táirgeoir iartheachtach de chuid Northvolt;

D. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar chritéir idirghabhála Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED; de bhrí, maidir leis na 657 n-iomarcaíocht ar scoir a ngníomhaíocht roimh na tréimhse tagartha ceithre mhí nó ina diaidh, gur féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh leis an teagmhas a spreag scor na gníomhaíochta do na hoibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha mar a

---

4 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

5 De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

6 Lena n-áirítear comhfhiontair Northvolt agus Volvo Cars a bhfuair Volvo Cars na scaireanna go léir iontu ag tús 2025 le bheith ina úinéir aonair ar na cuideachtaí sin.

cheanglaítear le hAirteagal 6(2) de Rialachán CED;

E. de bhrí go raibh Northvolt speisialaithe i ngníomhaíochtaí ailtireachta agus innealtóireachta, tástáil theicniúil agus monarú ceallraí; de bhrí gur chomhdaigh an chuideachta le haghaidh féimheachta an 12 Márta 2025 mar gheall ar dheacrachtaí a bhain leis an táirgeadh, go háirithe mar thoradh ar ró-sholáthar de bharr iomaíocht ghéar ó allmhairí a thagann den chuid is mó ón tSín, atá i réim sa mhargadh domhanda agus a chuimsíonn níos mó ná 80 % de tháirgeadh domhanda ceallraí;

F. de bhrí go bhfuil tionscal ceallraí láidir agus iomaíoch de dhíth ar an Eoraip chun spleáchais straitéiseacha dhíobhálacha a laghdú agus chun a neamhspleáchas tionsclaíoch a neartú, chomh maith lena spriocanna aeráide agus aistrithe fuinnimh a bhaint amach; de bhrí go bhfuil costais arda fuinnimh agus chaipitil, moilleanna ar tháirgeadh, saobhadh ar an margadh domhanda, chomh maith le brú iomaíoch méadaitheach ó tháirgeoirí tríú tíortha, go háirithe an tSín, roimh thionscal na gceallraí agus na soláthróirí[7];

G. de bhrí go bhfuil an Arbetsförmedlingen (Seirbhís Phoiblí Fostaíochta na Sualainne) ag soláthar réamh-mhaoiniú agus comhchistiú náisiúnta na mbeart;

H. de bhrí gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta maidir le comhiomarcaíochtaí;

I. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhithe a ath-imeascadh go tapa i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

J. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765;

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an tSualainn i dteideal EUR 8 526 322 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 14 210 537, a chuimsíonn EUR 13 663 977 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus

---

7 Clár Oibre 2026 an Choimisiúin, Tráth Neamhspleáchais na hEorpa https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/strategy-documents/commission-work-programme/commission-work-programme-2026_en

EUR 546 560 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistithe, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. á thabhairt dá haire gur chuir údaráis na Sualainne an t-iarratas isteach an 16 Meitheamh 2025, agus, tar éis don tSualainn faisnéis bhreise a chur ar fáil, gur thug an Coimisiún a mheasúnú i gcrích an 28 Deireadh Fómhair 2025, níos mó ná 4 mhí ina dhiaidh sin, agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an t-am lena bhreithniú a ghiorrú go suntasach idir iarratas ar chúnamh CED a chur isteach agus an cinneadh maoiniúcháin, chun a áirithiú gur féidir an tacaíocht airgeadais a shlógadh gan mhoill; á chur i bhfios go láidir gur gá nósanna imeachta inmheánacha a shimpliú agus dlús a chur leo, agus an chothromaíocht institiúideach á coimirciú go hiomlán ag an am céanna, go háirithe cearta Pharlaimint na hEorpa mar údarás buiséadach;

3. á thabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 6 486 oibrí iomarcach a ndearna mórtheagmhas athstruchtúrúcháin maidir le Northvolt difear dóibh, as ar eascair an fhéimheacht is mó sa tSualainn sa lá atá inniu ann; á thabhairt dá haire, thairis sin, go mbeidh 5 800 oibrí iomarcacha san iomlán ina dtairbhithe spriocdhírithe agus go bhfuiltear ag dréim leis go nglacfaidh siad páirt sna bearta;

4. á thabhairt dá haire go bhfuil toradh tromchúiseach ag baint le hiomarcaíochtaí poist i gcathair Skellefteå, agus gur shroich an ráta dífhostaíochta 8,2% le linn na bliana roimhe sin; á thabhairt dá haire go bhfuil leibhéil arda oideachais ag formhór na n-oibrithe iomarcacha agus go bhfuil siad níos lú ná 54 bliana d’aois; i bhfianaise a scileanna speisialaithe i réimse na monaraíochta agus na hinnealtóireachta ceallraí, á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíocht mhear chun meath struchtúrach réigiúnach a chosc agus ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé poist ardcháilíochta atá dírithe ar an todhchaí a chothú chun athléimneacht fhadtéarmach eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú;

5. á thabhairt dá haire, ó mhí Lúnasa 2025, go ndearna an gnólacht nuathionscanta Meiriceánach Lyten, ceannaire domhanda i gceallraí litiam-sulfair, comhaontú ceangailteach chun sócmhainní atá fágtha ag Northvolt sa tSualainn, sa Ghearmáin agus sa Pholainn a fháil faoi dheireadh 2025, agus go bhfuil sé beartaithe aige an lucht saothair a leagadh as a athfhostú agus an cumas chun poist choibhéiseacha a thairiscint dóibh sa réigiún á chur san áireamh; á chur i bhfios go láidir gur cheart athfhostú a mheas mar phríomhrogha agus gur cheart na méideanna uile nár úsáideadh a aisíoc leis an gCoimisiún i gcás glacadh ar ais;

6. á mheabhrú, i gcomhaontú leis na ceardchumainn agus na comhpháirtithe sóisialta, gurb iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá

sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar do gach oibrí: measúnú domhain agus pleanáil aonair, gníomhaíochtaí agus cóitseáil cuardaigh poist, tacaíocht chun do ghnólacht féin a thosú agus tacaíocht infheistíochta, oiliúint sa mhargadh saothair, cúrsaí oiliúna, tacaíocht speisialta chun dul isteach sa mhargadh saothair nó oideachas a shaothrú, liúntais agus oiliúint i scileanna digiteacha; á chur i bhfáth go dtabharfaidh údaráis na Sualainne aitheantas d'fhoinse an chistithe ón Aontas agus go n-áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe agus go leagfaidh siad béim ar bhreisluach an Aontais a bhaineann leis an idirghabháil, trí fhaisnéis chomhleanúnach, éifeachtach agus spriocdhírithe a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear faisnéis spriocdhírithe do thairbhithe, d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, do na comhpháirtithe sóisialta, do na meáin agus don phobal;

7. á chur i bhfáth go bhfuil cáilíochtaí agus scileanna na n-oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht ríthábhachtach i gcónaí do gheilleagar Eorpach a sheasfaidh an aimsir agus a chuirfidh an t-aistriú glas i gcrích; á mheas, dá bhrí sin, gur gá slógadh CED a leabú i bhfreagairt bheartais níos mó chun a áirithiú go bhfaighidh na hoibrithe a ndéantar difear dóibh deiseanna leormhaithe i gcomhréir lena gcáilíochtaí agus lena scileanna;

8. á iarraidh go ndéanfar meastóireachtaí críochnúla deiridh ar na bearta a cuireadh chun feidhme, lena n-áirítear faisnéis shoiléir faoin gcaoi ar úsáideadh na cistí agus i dtaobh cé acu ar caitheadh iad i gcomhréir leis na pleananna formheasta nó nár caitheadh, go háirithe i gcásanna tacaíochta airgeadais dírí amhail tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus tacaíocht infheistíochta; ag iarraidh, thairis sin, sonraí maidir le líon na n-oibrithe atá athimeasctha go rathúil san fhostaíocht chomh maith leo siúd a bhfuil bearta oiliúna agus uasoiliúna curtha i gcrích acu;

9. á thabhairt dá haire gur thosaigh an tSualainn ar sheirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe agus caiteachas riaracháin a thabhú chun CED a chur chun feidhme araon an 25 Deireadh Fómhair 2024 agus, dá bhrí sin, gur ón dáta sin go dtí 24 mhí agus go dtí 31 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh maoiniúcháin a bheidh tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED;

10. ag tabhairt dá haire gur thug údaráis na Sualainne dearbhú go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe sa rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus ina gcur chun feidhme, agus go gcoiscfear aon mhaoiniú dúbailte;

11. á athdhearbhú nach ceadmhach cúnamh ó CED a chur in ionad gníomhaíochtaí atá mar fhreagracht ar chuideachtaí, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna;

12. ag cur i bhfáth an gá práinneach atá le hiarrachtaí comhleanúnacha agus comhordaithe an Aontais chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach a áirithiú , arna bhforbairt i ndlúthchomhpháirtíocht leis na Ballstáit agus na réigiúin, chun bonn fostaíochta tionsclaíoch na hEorpa atá réidh don todhchaí a chosaint, bonn a fhreagraíonn do riachtanais uathriail thionsclaíoch na hEorpa agus a neartaíonn seasamh an Aontais in earnálacha straitéiseacha, amhail tionscal na gceallraí agus na soláthróirí, agus aistriú glas agus aistriú digiteach an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna; á chur i bhfios go láidir nach féidir ach le geilleagar Eorpach láidir, athléimneach agus inbhuanaithe iomarcaíochtaí ar mórscála a chosc go héifeachtach, rud a laghdóidh an gá atá le hidirghabháil CED sa chéad áit; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá aitheantas agus infheictheacht shoiléir chistiú an Aontais a áirithiú chun aird a tharraingt ar a bhreisluach agus dlúthpháirtíocht na hEorpa a chuimsítear leis an CED; á iarraidh go ndéanfaí cumarsáid chomhsheasmhach agus spriocdhírithe le tairbhithe, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le comhpháirtithe sóisialta, leis na meáin agus leis an bpobal i gcoitinne; á chur in iúl gur saoth léi go bhfuil tionscal ceallraí an Aontais thíos le fóirdheontais a sholáthraíonn rialtas na Síne dá tháirgeoirí lena ndéantar an iomaíocht dhomhanda a shaobhadh;

13. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

14. ag treorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

15. ag treorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón tSualainn – EGF/2025/003 SE/Northvolt

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2025/2661.)